
Please see English Version Below

# Nuachtlitir Meán Fómhair 2014

Fáilte go dtí Nuachtlitir Futa Fata.

## Leabhair Nua

**Bhí Samhradh gnóthach ag Futa Fata agus muid ag obair ar thrí cinn de phictiúrleabhair nua a sheolfar an Fómhar seo. Tá ár seanchairde, Patricia Forde agus Steve Simpson ar ais leis an dara Leabhar atá déanta as lámh a chéile acu,** Ná Dúisigh an Páiste! **Leabhar barrúil eachtraíocha eile atá ann ón mbeirt a bhfuil ceithre leabhar an duine anois scríofa nó maisithe acu le Futa Fata. Pictiúrleabhair ó scríbhneoirí nua iad an dá leabhair eile atá againn do pháistí 3-6 bliana. Is í Máire Ní Chualáin arb as An Cheathrú Rua, Co. na Gaillimhe di, a scríobh, agus Natasha Rimmington a mhaisigh an scéal greannmhar An Gabhar a Raibh An-Ocras Go Deo Air. Is é Luán agus an Mórphianó an chéad leabhar atá foilisthe againn ón scríbhneoir teilifíse Gemma Breathnach. Is í an t-ealaíontóir Delphine Bodet a mhaisigh an leabhar seo faoi luch bheag a bhfuil grá mór don cheol aige. Ní dhearna muid dearmad ar na daoine fásta i mbliana ach an oiread. Is cnuasach álainn ábhair ón traidisiún béaloideasa é** ANEAS. **Brenda Ní Shuilleabháin a scríobh agus a chuir an t-ábhar in eagar agus tugann grianghraif Lanka Haouche Perren léargas físiúil ar na horthaí, na véarsaí, na tríréid agus eile atá ar fáil sa leabhar. Beidh an-tóir ar an leabhar seo mar bhronntanas Nollag i mbliana.Tá sé ar fáil sna siopaí nó ar líne ag** www.futafata.ie.





## Spraoi sa Leabharlann

**Tá sé ag teacht! Is gearr go mbeidh Tadhg Mac Dhonnagáin ag bualadh bóthair agus ag tabhairt aghaidh ar chontae Thiobráid Árainn, Co. Laoise, Co. Uibh Fhailí, An tIarmhí agus Co. Longfoirt le seó beo bríomhar do pháistí scoile na gcontaetha sin. Is le tacaíocht ó Scéim na dTionscadal Litríochta, Clár na Leabhar Fhoras na Gaeilge atá an chamchuairt seo á cur i láthair. Tá Futa Fata ag súil go mór leis an turas seo agus tá muid fíorbhuíoch d'fhoirne na leabharlanna contae a chabhraigh linn na hocáidí a comhordnú.**




## Catalóg Nua 2014-15

**Tá súil againn go bhfuil tús maith curtha leis an scoilbhliain nua ag scolairí, muinteoirí agus tuismitheoirí araon.Tar éis dúinn go leor aiseolas a fháil ar leagan amach ár gcatalóg, tá muid ar bís le leagan nua atá dírithe go sonrach ar scoileanna agus ar leabharlanna a chur faoi bhur mbráid.Tá innéacs curtha againn leis an gcatalóg a bhfuil na leabhair uile liostálte faoi théamaí éagsúla. Mar sin, más ag cuardach leabhar faoi chairdeas nó faoi bhulaíocht atá tú, mar shampla, is furasta anois do rogha leabhair a aimsiú atá feiliúnach d'aoisghrupa ar leith.**




## Ábhar Tacaíochta

**Tá muid faoi láthair ar cur críoch le togra a thosaigh muid ag tús an tsamhraidh le hábhar tacaíochta bunáithe ar ár n-úrscéalta a chur ar fáil saor in aisce le hioslodáil ónár suíomh. Tá muid thar a bheith buíoch do na muinteoirí a thacaigh linn an obair seo a chur i gcrích.Tá an t-ábhar seo leagtha amach ar bhealach a spreagfaidh caint faoi na teamaí eagsúla sna leabhair, le daltaí a chur ag cumadóireacht agus le tógraí beaga ealaíne le déanamh sa rang. Coinnigh súil amach don ábhar roimh dheireadh na míosa ar www.futafata.ie**


---

Leagan Béarla thíos

---

## New Books!

**It's been a busy year so far here at Futa Fata and the fruits of our labour have just arrived in bookshops across the land. We are proud to present not one, not two, but three, yes THREE new picture books this Autumn. We have an adventurous mix of hungry goats, musical mice and magician monsters! The much loved duo Patricia Forde and Steve Simpson have united again following the success of Mise agus an Dragún, to bring you another exciting tale about a lovable little monster who has been warned; Don't wake the baby!** *Ná Dúisigh an Páiste!* **is the fourth Futa Fata book each from this talented pair. We are delighted to present emerging writers Máire Ní Chualáin and her heart-stopping story about a goat who has a massive appetite, Natasha Rimmington illustrated, An Gabhar a Raibh An-Ocras go Deo Air is due in shops shortly as is** *Luán agus an Mórphianó* **about a little mouse with a love of music from established television writer but first time published author, Gemma Breathnach, with beautiful illustrations from Delphine Bodet. We haven't forgotten the adults in this publishing round. From the pen of Brenda Ní Shuilleabháin and through the photgraphic lens of Lanka Haouche Perren,** ***Aneas*** **is a beautiful collection of wisdom from the Gaelic folklore tradition. Watch out for them all in a bookshop near you soon – they're also available online from** www.futafata.ie.





## Fun in the Library!

Currently exercising his vocal chords for next week, Tadhg Mac Dhonnagáin is all set to visit libraries in Counties Tipperary, Laois, Offaly, Westmeath and Longford for a series of shows for local school children. This is Tadhg's first time to visit the midlands area and all at Futa Fata are very excited about the impending tour. Sponsored by the Scéim na dTonscadal Litríochta (Literary Projects Scheme) of the Irish-language books board, Clár na Leabhar, Tadhg will visit two libraries a day in each of the counties and perform for local school children. We would like to extend a massive thank you to all the county librarians and staff who have helped us co-ordinate these shows.The reaction and the uptake has exceeded our expectations and we can't wait to meet you all.




## New Catalogue

We love feedback at Futa Fata and we want to help teachers and parents choose books for their classrooms/children with ease. To this, we have worked hard all Summer to provide a new element to our catalogue. Sometimes you simply can't judge a book by its cover so in the back pages of our new 2014/2015 catalogue you will find an index which lists all our titles under themes and reading ages. We hope this will guide anyone who is looking for books under specific topics!




## TEACHING RESOURCES

We really do listen to you, our kind readers and teachers! You wanted teaching resources for the classroom and we have delivered. From the end of this month, teaching resources based on our novels will be available for free download from our website. We have worked closely with working teachers about what they want for the classroom. The resources suggest discussion topics, ideas for creative writing, Q&As on the text plus some fun art projects. We hope the resources will engage children with the stories while helping them explore their own creative talents.



**Seoladh oifige:**

Faigheann Futa Fata tacaíocht

Futa Fata
An Spidéal
Co. na Gaillimhe

Teil:091-504612
R-Poist: eolas@futafata.ie
www.futafata.ie

*Ceart ar cosaint © 2014 All rights reserved*

*Reps: **O'Brien Press***

Distributors/Dáilitheoirí:Gill & Macmillan/ IES / Argosy/ Book Nest

leanúnach ó Chlár na Leabhar, Foras na Gaeilge; ón gComhairle Ealaíon, dá chlár foilsitheoireachta do pháistí ; ó COGG, An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta, dá bhfoilseacháin oideachasúla agus ó thráth go chéile, ó Ealaín na Gaeltachta do thograí éagsúla ealaíne.